gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon Education and Training Board

Polasaí maidir le Socrúcháin Cleachtais Ghairmiúil ar an gClár Foghlama agus Cúraim na Luath-Óige

Rialú Doiciméad	
Uimh. Thag an Doiciméid:	PPPELC 02/2023 V1.1
Arna ullmhú ag	GRETB
Arna ghlacadh ag	Príomhfheidhmeannach/Stiúrthóirí
Freagracht as Feidhmiú	Bainisteoirí Ionaid
Freagracht as Athbhreithniú	Aonad Tacaíochta agus Forbartha FET
Tréimhse Athbhreithnithe	Beidh an polasaí seo faoi réir a athbhreithnithe gach dara bliain de réir riachtanais na heagraíochta agus/nó nuair is gá sin a dhéanamh.
Suíomh Foinse	Polasaithe GRETB Connects
Suíomh Foilsithe	Polasaithe FET
Doiciméid Eile a dTagraítear dóibh	Tuairisceoir Cláir don Ardteastas i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus Teastas Leibhéal 5 i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige *Professional Award Type Descriptors at NFQ Levels 5 to 8: Annotated for QQI Early Learning and Care (ELC)* Awards (2019), QQI Policies and criteria for the validation of programmes of education and training (2017), QQI Lámhleabhar don Socrúchán Cleachtais Ghairmiúil: Teastas Leibhéal 5 i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige, Ardteastas i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige

Rialú Leagain			
Uimhir Leagain	**Dáta Athbhreithnithe**	**Dáta Glactha**	**Faisnéis nuashonraithe**
V1.0	02.12.2021		An chéad leagan foilsithe
V1.1	02.12.2022	28.03.2023	An dara leagan foilsithe

1. Cuspóir

An cuspóir atá leis an doiciméad seo cur síos a dhéanamh ar pholasaí Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB) maidir le socrúcháin cleachtais ghairmiúil a dtugann foghlaimeoirí fúthu a bhfuil an Teastas i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (Leibhéal 5), agus an tArdteastas i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (Leibhéal 6) mar thoradh orthu.

2. Scóip

Tá feidhm ag an bpolasaí seo do shocrúcháin cleachtais ghairmiúil i gcomhthéacs seachadadh na gclár Teastas i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (Leibhéal 5), agus an tArdteastas i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (Leibhéal 6).

3. Sainmhínithe

Is é atá i gceist le Socrúchán Cleachtais Ghairmiúil an 150 uair (in aghaidh na bliana, agus iad i mbun staidéir lánaimseartha) atá le déanamh ag foghlaimeoirí ar chláir Foghlama agus Cúraim na Luath-Óige ar shocrúchán cleachtais ghairmiúil le dhá chohórt aoise ELC ar a laghad:

- (1) ag obair go díreach le leanaí idir 0 agus 2 bhliain 8 mí agus
- (2) ag obair go díreach le leanaí idir 2 bhliain 8 mí agus 6 bliana d'aois, agus cothromaíocht chuí a bheith ann idir an dá shuíomh (féach 5.1)

3.1 Acrainmneacha arna nÚsáid sa Pholasaí seo

ELC:	Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige
FET:	Breisoideachas agus Oiliúint
GDPR:	An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
GRETB:	Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
NFQ:	Creat Náisiúnta Cáilíochtaí
PATD:	Tuairisceoir Cineál Dámhachtana Gairmiúla
PLSS:	Córas Tacaíochta Foghlaimeora Cláir
PPP:	Socrúchán Cleachtais Ghairmiúil
QA:	Dearbhú Cáilíochta
QQI:	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
RPL:	Aitheantas Réamhfhoghlama

4. Ráiteas Polasaí

Tá cur síos sa doiciméad seo ar pholasaí GRETB maidir le socrúcháin cleachtais ghairmiúil ar chláir ELC. Tá dhá chéim i gceist leis an Ardteastas i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige, arb ionann céim 1 agus leibhéal 5 agus céim 2 leibhéal 6. Céim amháin atá i gceist leis an Teastas Leibhéal 5 i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige, agus dámhachtain leibhéal 5 mar thoradh air.

Déantar cur síos sa pholasaí seo ar na caighdeáin a bhfuiltear ag súil go mbainfidh foghlaimeoirí amach iad ag leibhéil 5 agus 6, chomh maith le coinníollacha sonracha bailíochtaithe maidir leis na socrúcháin cleachtais ghairmiúil atá le déanamh ag gach foghlaimeoir i rith a gcuid staidéir.

5. Róil agus Freagrachtaí

Cinnteoidh gach bainisteoir Ionaid/Cláir Breisoideachas agus Oiliúint (FET) go mbeidh iarratasóirí, agus foghlaimeoirí atá cláraithe, ar an eolas faoi riachtanais na Socrúchán Cleachtais Ghairmiúil do chláir ELC.

5.1 Príomh-mheicníochtaí Forfheidhmithe

Cinnteoidh gach Ionad/Clár FET go sásóidh gach foghlaimeoir próiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána sula dtosaíonn siad ar an socrúchán cleachtais ghairmiúil.

Má thagann aon athrú ar na riachtanais reachtúla, nó ar ábhar cúrsaí, nó má fhorbraítear cúrsaí nua, foilseofar an t-eolas sin ar láithreán gréasáin agus ar ábhar clóite GRETB. Beidh an teanga agus na modhanna a úsáidtear chun eolas a chur in iúl ag teacht le riachtanais na bpáirtithe leasmhara.

6. Ról agus Freagracht an tSoláthraí Cláir

I gcomhthéacs an pholasaí seo, is ionann an Soláthraí Cláir agus an t-ionad/coláiste/ionad oiliúna ina bhfuil an clár ELC á thairiscint d'fhoghlaimeoirí.

- Is cuid lárnach den chlár iad Socrúcháin Cleachtais Ghairmiúil. Coinneoidh soláthraithe clár cód cleachtais cuí do sholáthraithe socrúcháin chleachtais ghairmiúil ELC, mar aon le nósanna imeachta agus critéir ghaolmhara.
- Ní mór don soláthraí cláir na torthaí foghlama atá beartaithe don socrúchán cleachtais a chur in iúl don soláthraí socrúcháin agus don fhoghlaimeoir araon, mar aon leis an straitéis chun na torthaí sin a bhaint amach.
- Ceapfaidh an soláthraí cláir monatóir socrúcháin cleachtais ghairmiúil (monatóir) chun feidhmiú mar dhuine idirchaidrimh idir foireann an chláir, an foghlaimeoir agus soláthraí/maoirseoir an tsocrúcháin cleachtais.
- Is ar an soláthraí cláir a bheidh an fhreagracht deiridh as an socrúchán cleachtais a fhaomhadh a luaithe is a bhainfear amach na critéir arna liostú i gcuid 5.1 thuas.
- Beidh comhaontú foirmeálta i scríbhinn idir an soláthraí agus an socrúchán cleachtais ina sonrófar na róil agus freagrachtaí atá ag an dá pháirtí, mar aon le cód cleachtais do mhaoirsiú foghlaimeoirí.
- Cinnteoidh an soláthraí cláir go mbeidh socruithe treorach, tacaíochta agus maoirseachta i bhfeidhm le linn don fhoghlaimeoir a bheith ar an socrúchán cleachtais ghairmiúil, agus go mbeidh tacaíocht ar fáil d'fhoghlaimeoirí a bhfuil deacrachtaí acu i rith an tsocrúcháin cleachtais ghairmiúil.
- Cinnteoidh an soláthraí cláir go mbeidh teagmháil rialta sceidealta idir an foghlaimeoir agus an monatóir le linn na socrúchán cleachtais ghairmiúil.
- Cuirfidh an soláthraí cláir seisiúin faisnéise ar fáil d'foghlaimeoirí sa seomra ranga le linn na socrúchán cleachtais ghairmiúil.

7. Prionsabail an tsocrúcháin cleachtais ghairmiúil in GRETB

- Tá ról lárnach ag an socrúchán cleachtais ghairmiúil sa chlár Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige in GRETB.
- Fáiltíonn GRETB roimh chur cuige comhpháirtíochta idir maoirseoirí na socrúchán cleachtais ghairmiúil agus an t-ionad/coláiste a bhfuil an foghlaimeoir á sheoladh amach acu ar shocrúchán, agus aithníonn sé, agus is mór leis, ról an mhaoirseora maidir le héascaíocht a dhéanamh d'fhoghlaimeoirí agus tacú lena bhforbairt agus iad ar a socrúchán cleachtais.

- Mar aitheantas ar a thábhachtaí atá an socrúchán cleachtais ghairmiúil sna cláir Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige, tá Lámhleabhar don Socrúchán Cleachtais Ghairmiúil curtha i dtoll a chéile chun tacú le hionaid, maoirseoirí socrúcháin agus foghlaimeoirí, agus chun a chinntiú go mbeidh an t-eispéireas ar an socrúchán cleachtais ghairmiúil chomh bríoch agus luachmhar agus is féidir d'fhoghlaimeoirí.

8. Socrúchán Cleachtais Ghairmiúil

8.1 Critéir don Socrúchán Cleachtais

- Sonraítear sna coinníollacha sonracha bailíochtaithe arna bhfoilsiú sa Tuairisceoir Cineál Dámhachtana Gairmiúla (PATD) nach mór d'fhoghlaimeoirí 150 uair an chloig de shocrúchán cleachtais ghairmiúil (in aghaidh na bliana agus iad i mbun staidéir lánaimseartha) a dhéanamh le dhá chohórt aoise ar a laghad i suíomh ELC atá **cláraithe le Tusla**:
    - ag obair go díreach le leanaí idir 0 agus 2 bhliain 8 mí agus
    - ag obair go díreach le leanaí idir 2 bhliain 8 mí agus 6 bliana d'aois, agus cothromaíocht chuí a bheith ann idir an dá shuíomh
- Seo a leanas atá i gceist leis sin:

    - *Ardteastas i bhFoghlaim agus Cúraim na Luath-Óige* Beifear ag súil go ndéanfaidh foghlaimeoirí a bhfuil an tArdteastas i bhFoghlaim agus Cúraim na Luath-Óige á dhéanamh acu **300 uair an chloig** de shocrúchán cleachtais ghairmiúil.
    - Ní mór 150 uair an chloig a dhéanamh ag Céim 1 **agus** Céim 2 **araon**.
    - Ní mór dhá chohórt aoise a bheith i gceist leis an socrúchán ag gach céim, mar atá curtha síos air thuas.
    - Baineann an riachtanas 150 uair an chloig a dhéanamh ag gach céim den socrúchán le **gach foghlaimeoir,** beag beann ar an gcúrsa atá ar siúl acu a bheith lánaimseartha nó páirtaimseartha.

- *Teastas Leibhéal 5 i bhFoghlaim agus Cúraim na Luath-Óige.* Tá 150 uair an chloig san iomlán le déanamh ar shocrúchán cleachtais ghairmiúil ag foghlaimeoirí a bhfuil an Teastas Leibhéal 5 i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige á dhéanamh acu sa chás:
    - go bhfuil dhá chohórt aoise i gceist leis an socrúchán, mar a cuireadh síos air thuas
    - go mbaineann an riachtanas 150 uair an chloig le **gach foghlaimeoir,** beag beann ar an gcúrsa atá ar siúl acu a bheith lánaimseartha nó páirtaimseartha.

- An chiall atá le 'cothromaíocht chuí' idir na suíomhanna 50 uair an chloig ar a laghad a chaitheamh leis an dá chohórt aoise, agus an 50 uair deiridh a bheith le ceachtar den dá chohórt aoise.
- Ní mór do gach suíomh shocrúchán cleachtais ghairmiúil a bheith in aonán atá cláraithe faoi láthair mar sholáthraí seirbhíse le Tusla.
- Ní mór do sholáthraí an tsocrúcháin cleachtais a bheith in ann maoirseoir(í) don socrúchán cleachtais atá cáilithe go cuí a shannadh chun freagracht a ghlacadh as an bhfoghlaimeoir agus a measúnú.

Tabhair faoi deara: Cé go bhféadfadh an foghlaimeoir suíomh féideartha don socrúchán cleachtais a aimsiú, is ar an soláthraí cláir a bheidh an fhreagracht deiridh as an socrúcháin cleachtais a fhaomhadh a luaithe is a bheidh an critéir atá liostaithe thuas comhlíonta.

9. Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar cháilíocht na socrúchán cleachtais

Éilítear ar sholáthraithe cláir córas éifeachtach a bheith acu chun cáilíocht leanúnach na socrúchán cleachtais a chinntiú.

9.1 Sula dtéann foghlaimeoirí ar shocrúchán cleachtais ghairmiúil

- Déanfaidh an soláthraí cláir bunachar sonraí de shocrúcháin cleachtais ghairmiúil a thiomsú le himeacht ama, agus déanfar athbhreithniú air ar bhonn rialta le cinntiú go bhfanann an t-eolas chun dáta.
- Déanfaidh an soláthraí cláir/monatóir athbhreithniú ar gach socrúchán cleachtais ionchasach i gcoinne na gcritéir a liostaítear i gcuid 5.1 thuas chun a dheimhniú go bhfuil siad comhlíontach leo, agus gur suíomhanna socrúcháin cuí iad do na foghlaimeoirí.
- Is ar an soláthraí cláir a bheidh an fhreagracht deiridh as an socrúchán cleachtais a fhaomhadh tar éis do na critéir a liostaítear i gcuid 5.1 thuas a bheith comhlíonta.

9.2 I rith an tsocrúcháin

- Beidh an monatóir i mbun cumarsáide leis an soláthraí socrúcháin ar a laghad uair amháin i rith an tsocrúcháin chun a chinntiú go bhfuil na riachtanais maidir leis an bhfoghlaimeoir agus an socrúchán cleachtais ghairmiúil á gcomhlíonadh. D'féadfadh sé sin tarlú trí ghlao teileafóin, ríomhphost, cruinniú fhíorúil (físeán) nó cruinniú ar an láthair.

9.3 Tar éis an tsocrúcháin cleachtais ghairmiúil

- Déanfaidh an monatóir an *Seicliosta chun monatóireacht a dhéanamh ar shocrúcháin cleachtais ghairmiúil* (Aguisín 6 den Lámhleabhar don Socrúchán Cleachtais Ghairmiúil) a chomhlíonadh. Is é an monatóir leis nó léi féin a chomhlíonfaidh Cuid A den seicliosta. Déanfaidh an monatóir Cuid B a chomhlíonadh i gcomhpháirt leis an bhfoghlaimeoir, le linn na coda deireanaí den chruinniú tríthaobhach (an monatóir agus an foghlaimeoir leo féin) nó tar éis an socrúchán cleachtais ghairmiúil a bheith críochnaithe.
- Tar éis dó nó di an seicliosta a chríochnú, déanfaidh an monatóir moladh cibé ar cheart an suíomh cleachtais a úsáid do shocrúcháin sa todhchaí.

10. Foghlaimeoirí a mheas le linn dóibh a bheith ar an socrúchán cleachtais

Déantar measúnuithe obair-bhunaithe i rith an dá shocrúchán cleachtais ghairmiúil ag gach céim den chlár.

10.1 Gníomhaíochtaí éigeantacha a mheas

Éilítear ar an bhfoghlaimeoir gabháil le líon gníomhaíochtaí éigeantacha agus é nó í ar shocrúchán cleachtais.

- Fíoróidh maoirseoirí na socrúchán cleachtais ghairmiúil rannpháirtíocht an fhoghlaimeora le gach ceann de na gníomhaíochtaí éigeantacha trí Thuarascáil Mhaoirseoir an tSocrúcháin Cleachtas Ghairmiúil (Cuid 1) a shíniú agus a dhátú.
- Déanfaidh an maoirseoir éascaíocht don fhoghlaimeoir na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh ag an am cuí.
- Déanfaidh múinteoir/oiliúnóir an mhodúil cláir na gníomhaíochtaí éigeantacha a mheas agus a mharcáil san ionad féin.
- Tá cur síos ar na gníomhaíochtaí éigeantacha do gach céim sa *Lámhleabhar don Socrúchán Cleachtais Ghairmiúil* agus sna tuairiscíní modúil don chlár ábhartha.

10.2 Inniúlachtaí gairmiúla a mheas

Éilíonn an measúnú obair-bhuanithe den socrúchán cleachtais ghairmiúil ar an bhfoghlaimeoir raon inniúlachtaí gairmiúla a léiriú. Féach an *Lámhleabhar don Socrúchán Cleachtais Ghairmiúil* chun tuilleadh sonraí a fháil faoi na hinniúlachtaí gairmiúla ar cheart don fhoghlaimeoir iad a léiriú.

- Éilítear ar an bhfoghlaimeoir inniúlacht a léiriú i ngach inniúlacht ar a laghad uair amháin sa dá chohórt aoise chun pas a fháil sa mhodúl.
- Tabharfaidh an monatóir agus an maoirseoir faoi mheasúnacht i rith an chruinnithe thríthaobhaigh, a reáchtáiltear le linn gach socrúchán, i gcomhairle leis an bhfoghlaimeoir, maidir le cibé an bhfuil sé

léirithe ag an bhfoghlaimeoir go bhfuil na hinniúlachtaí arna leagan amach i **dTuarascáil Mhaoirseoir an tSocrúcháin Cleachtas Ghairmiúil (Cuid 2 & 3)** bainte amach aige/aici.

10.3 Cruinniú Tríthaobhach a reáchtáil

- Beidh cruinniú tríthaobhach amháin ann do gach foghlaimeoir don dá chohórt aoise, i dtreo dheireadh an tsocrúcháin más féidir, le go mbeifí in ann measúnacht thomhaiste a dhéanamh.
- Ní ceadmhach cruinnithe tríthaobhacha a reáchtáil ar an teileafón nó trí ríomhphost
- Is é cuspóir na gcruinnithe tríthaobhacha deis a thabhairt don mhaoirseoir, don mhonatóir agus don fhoghlaimeoir athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn an fhoghlaimeora le linn an tsocrúcháin agus ligean don mhonatóir agus don mhaoirseoir measúnacht a dhéanamh, i gcomhairle leis an bhfoghlaimeoir, maidir le cibé an bhfuil sé léirithe ag an bhfoghlaimeoir go bhfuil na hinniúlachtaí arna leagan amach i **dTuarascáil Mhaoirseoir an tSocrúcháin Cleachtas Ghairmiúil (Cuid 2 & 3)** bainte amach aige/aici.
- Má mheastar an foghlaimeoir '*Gan a bheith inniúil fós*' i gceann amháin nó níos mó de na hinniúlachtaí gairmiúla ag an gcéad chruinniú tríthaobhach, beidh deis measúnaithe eile acu i rith an dara cruinniú tríthaobhach.
- Coinneoidh an monatóir taifead ar thorthaí an chruinnithe. Is féidir aon obair a eascraíonn as an gcruinniú tríthaobhach a dhéanamh, más gá, ar an teileafón, trí ríomhphost, trí chruinniú fíorúil nó cruinniú duine le duine.

10.4 Na hinniúlachtaí gairmiúla a ghrádú

- Déanfaidh an monatóir agus an maoirseoir socrúcháin i ngach suíomh socrúcháin cleachtais athbhreithniú ar eispéireas agus ar dhul chun cinn an fhoghlaimeora ar an socrúchán cleachtais, agus déanfaidh siad measúnacht, i gcomhairliúchán leis an bhfoghlaimeoir, cibé an léiríonn an foghlaimeoir gach ceann de na hinniúlachtaí gairmiúla
- I gcás gach inniúlachta, déanfar an breithiúnas '*Inniúil*' nó '*Gan a bheith inniúil*' a thaifeadadh i dTuarascáil Mhaoirseoir an tSocrúcháin Cleachtas Ghairmiúil
- Ag deireadh an dara cruinniú tríthaobhach, déanfaidh an monatóir athbhreithniú ar Thuarascáil Mhaoirseoir an tSocrúcháin Cleachtas Ghairmiúil mar seo a leanas:
    - *Ar measadh an foghlaimeoir a bheith 'inniúil' i ngach ceann de na hinniúlachtaí ar a laghad uair amháin sa dá shuíomh socrúcháin?*
      Más rud é gur measadh, bronnfar 40% ar an bhfoghlaimeoir.

      Murar measadh, bronnfar 0% ar an bhfoghlaimeoir.
- Fíoróidh an monatóir cibé an bhfuil 150 uair an chloig déanta ag an bhfoghlaimeoir ar an socrúchán cleachtais leis an dá chohórt aoise
- Síneoidh an monatóir an fhoirm agus cuirfidh sé nó sí ar ais í chuig an múinteoir/teagascóir ar an socrúchán cleachtais ghairmiúil ag an ionad/coláiste.

Tabhair faoi deara: Sa chás go meastar an foghlaimeoir *'Gan bheith inniúil fós'* sa mheasúnú obair-bhunaithe, agus go bhfaigheann sé nó sí marc carnach 50% nó níos mó sa Socrúchán Cleachtas Ghairmiúil den mhodúl Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige ag Leibhéal 1 nó Leibhéal 2, ní mór don mheasúnóir sa chás sin an Fhoirm do Ghrád Leasaithe a chomhlánú chun an marc carnach don mhodúl a thabhairt go 49%. Tá an Fhoirm do Ghrád Leasaithe ar chúl na modúl agus ní mór úsáid a bhaint as chun grád neamhrathúil a thruicearú.

11. Athbhreithniú Polasaí

Déanfaidh an tAonad Tacaíochta agus Forbartha FET athbhreithniú ar an bpolasaí seo gach dara bliain i gcomhpháirt le Bainisteoirí an Ionaid/Cláir FET.